Tuarascáil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí ar an Dearbhú Cáilíochta, 2025 Achoimre



arna hullmhú ag

Catherine Dobbins

poistphoiblí
publicjobs

Achoimre ar an Tuarascáil ar an Dearbhú Cáilíochta, 2025

Ullmhaíonn an eagraíocht tuarascáil ar an dearbhú cáilíochta gach bliain agus déanann an Fhoireann Feidhmiúcháin athbhreithniú uirthi. Is athbhreithniú é seo ar gach réimse caiteachais shuntasaigh, a chlúdaíonn caiteachas reatha agus caiteachas caipitil araon, an rialachas agus an tuairisciú a dhéantar ar na nithe sin. Mar chuid den Phróiseas Dearbhaithe Cáilíochta seo, cuimsíodh gach caiteachas ba mhó ná €50 míle in 2025 sa sampla a roghnaíodh agus rinneadh measúnú ar gach réimse caiteachais. Roghnaíodh ODRL le hathbhreithniú domhain a dhéanamh air. Níor tháinig aon cheisteanna chun cinn. Mar sin féin, seans go mbeidh sé úsáideach pointí sonraí ar leith a phlé chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar an toradh ar infheistíocht.

Maidir le caiteachas tionscadail suntasach, tá sé riachtanach próiseas fíoraithe buntáistí a dhéanamh ag deireadh gach tionscadail. Clúdaíonn ár gcáipéisíocht seirbhísí tionscadail an measúnú *ex-post* ón gcód caiteachais phoiblí.

Ó thaobh caiteachas caipitil de, rinne úinéirí an tionscadail athbhreithniú féinmheasúnaithe ar na Cláir Nova (Oleeo agus Indecon). Níor aithníodh aon fhadhbanna le ceachtar tionscadail.

Mar chuid denathbhreithniú ar chaiteachas reatha bhí an caiteachas ar sheirbhísí measúnaithe, TF, margaíocht, Daoine agus Cultúir agus soláthraithe cuardaigh feidhmiúcháin; ní bhfuarthas uasdátú ón bhfoireann tacaíochta gnó. Féintuairiscíodh ráta ard comhlíonta.

Thapaigh an tAonad TF, Aonad na Seirbhísí Measúnaithe, Aonad na nDaoine agus an Chultúir, an tAonad Earcaíochta d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha agus an tAonad Margaíochta an deis seo le feidhmíocht na soláthraithe a thuairisciú. Seans gur cheart an deis a thapú chun déanamh amhlaidh maidir le soláthraithe eile mar taifeadtar an t-athbhreithniú bliantúil i dtuarascáil lárnach.

Déanfar monatóireacht leanúnach ar chomhlíonadh leanúnach an Chóid Caiteachais Phoiblí as seo amach. Leanfaidh sealbhóirí buiséid san eagraíocht trí chéile le bheith freagrach as na treoracha soláthair agus na nósanna imeachta airgeadais a chomhlíonadh, agus tacaíocht á fáil acu ón bhFoireann Airgeadais agus ón Oifigeach Soláthair.